AN ROINN OIDEACHAIS
POLASAÍ AISTRITHE IAR-BHUNOIDEACHAIS

TREOIR LE hAGHAIDH PHRÍOMHOIDÍ BUNSCOILE, BHOIRD GHOBHARNÓIRÍ AGUS PHRÍOMHOIDÍ IAR-BHUNSCOILE, AGUS BHOIRD OIDEACHAIS AGUS LEABHARLAINNE[1]
MAIDIR LE PRÓISEAS AN AISTRITHE Ó BHUNSCOIL GO hIAR-BHUNSCOIL Ó MHEÁN FÓMHAIR 2010

[1] Bainfidh aon tagairtí a dhéantar ar fud an doiciméid seo do na Boird Oideachais agus Leabharlainne go comhchothrom leis an Údarás Oideachais agus Scileanna nuair a thiocfaidh ann dó.

ACHOIMRE

AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ TAOBH THIAR DE THREOIR NA ROINNE OIDEACHAIS

Leagtar amach sa Treoir seo creat don nós imeachta maidir le haistriú páistí ó bhunscoil go hiar-bhunscoil ó Mheán Fómhair 2010. Is iad na haidhmeanna agus na cuspóirí atá taobh thiar de na socruithe maidir le hiontráil na ndaltaí seo chuig iar-bhunscoileanna, mar atá leagtha amach sa treoir seo, ná:

- go mbeidh gach cinneadh iontrála cothrom agus go gcuirfear ar chumas gach dalta lánacmhainneacht a bhaint amach;
- go mbeidh na socruithe iontrála ina n-iomláine, lena n-áirítear ról na Roinne, ról na mBord Oideachais agus Leabharlainne/an Údaráis Oideachais agus Scileanna, agus ról Bhoird Ghobharnóirí Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna faoi seach, soiléir agus go dtuigfear iad; agus
- go ndéanfaidh Boird Ghobharnóirí iar-bhunscoileanna cinntí iontrála stóinsithe cruinne.

CRITÉIR IONTRÁLA

Maidir leis na trí chuspóir seo, moltar sa Treoir roghchlár de chritéir iontrála ar cheart do Bhoird Ghobharnóirí é a úsáid chun a gcuid critéar iontrála a dhréachtú. Seo a leanas roghchlár na gcritéar iontrála atá molta:

Céad chritéar molta:

- Iarratasóirí atá i dteideal béile saor scoile (FSME): tabharfar tosaíocht lena chinntiú nach mbeidh comhréir na ndaltaí seo a iontráiltear níos lú ná comhréir na n-iarratas céadrogha FSME a fhaightear laistigh de líon iomlán na n-iarratas céadrogha a fhaightear.

Critéir eile:

- Iarratasóirí a bhfuil siblín acu atá ag freastal ar an scoil faoi láthair;
- Iarratasóirí arb iad an Páiste is sine iad;
- Iarratasóirí de chuid bunscoileanna friothálacha/ainmnithe;
- Iarratasóirí atá ag cur fúthu i bParóiste ainmnithe (ag an scoil fhóirsteanach is cóngaraí);
- Iarratasóirí atá ag cur fúthu i Scoilcheantar ainmnithe (ag an scoil fhóirsteanach is cóngaraí);
- Iarratasóirí arb í an scoil an scoil fhóirsteanach is cóngaraí dóibh;
- Roghnú randamach – ceist réitigh.

CLÁR ÁBHAIR

Paragraf	Topaic
1	Stádas Dleathach na Treorach seo
4	An Próiseas Aistrithe
6	Ceisteanna Leanúnacha Dlí maidir le Socrú na gCritéar Iontrála
9	Critéir Iontrála Molta
11	Critéir Iontrála Nach Moltar
12	Ceisteanna a Bhaineann le hÚsáid na dTeisteanna Neamhrialaithe ▪ *Riosca agóide - comhairle d'iar-bhunscoileanna* ▪ *Ról na mbunscoileanna*
18	Achomhairc ▪ *Binse Achomhairc Iontrála* ▪ *Próiseas na gCúinsí Eisceachtúla*
20	Ag Amharc Chun Tosaigh – I dtreo Próiseas Aistrithe níos Cothroime
Iarscríbhinn 1	Comhairle ar cheisteanna a bhaineann le teisteanna neamhrialaithe

STÁDAS DLEATHACH NA TREORACH SEO

1. Tá an treoir seo á heisiúint ag an Roinn Oideachais faoi Alt 16B den Ordú Oideachais (TÉ), 1997 – arna leasú ag Alt 30 den Ordú Oideachais (TÉ), 2006 – ina luaitear

> *Féadtar go ndéanfadh an Roinn treoir a eisiúint agus, ó am go ham, a leasú, de réir mar a mheastar bheith iomchuí, maidir le socruithe iontrála daltaí chuig scoileanna deontaschúnta agus le freagrachtaí na gcomhlachtaí seo a leanas faoi seach i dtaca le comhlíonadh a gcuid feidhmeanna faoin chuid seo:*
>
> *i. Na Boird;*
> *ii. Boird Ghobharnóirí scoileanna deontaschúnta;*
> *iii. Binsí achomhairc bunaithe de réir na rialachán faoi Alt 15(8); agus*
> *iv. An foras a bhunófar le rialacháin faoi Alt 16A(6).*
>
> *(2) D'fhéadfadh sé, ach go háirithe, go ndéanfaí aidhmeanna, cuspóirí agus aon cheisteanna eile a bhaineann le comhlíonadh na bhfeidhmeanna seo a leagan amach sa treoir.*
>
> *(3) Beidh de dhualgas ar*
>
> *v. Gach comhlacht a luaitear i bParagraf (1); agus*
> *vi. Aon duine eile atá bainteach le haon chomhlacht dá leithéid agus le comhlíonadh na bhfeidhmeanna faoin chuid seo,*
>
> ***aird chuí bheith acu ar aon treoir bhainteach, de thuras na huaire, a chuirtear i bhfeidhm faoin Alt seo".***

2. Beidh de cheangal ar bhunscoileanna, ar phríomhoidí agus ar Bhoird Ghobharnóirí iar-bhunscoileanna agus ar Bhoird Oideachais agus Leabharlainne (na Boird) mar sin de, "aird chuí" bheith acu ar an treoir seo. Ba cheart go dtuigfeadh Boird Ghobharnóirí agus páirtithe eile a mbaineann an Treoir seo leo gur ceangal dleathach é an ceangal seo

aird chuí bheith acu ar an Treoir seo. Go praiticiúil, is éard is ciall leis an dualgas seo, maidir le Boird Ghobharnóirí iar-bhunscoile, gur gá dóibh breithniú gníomhach agus glacach a dhéanamh, agus critéir iontrála á ndréachtú acu, ar mholtaí na Treorach i dtaca le critéir iontrála agus taifead a dhéanamh ar an bhreithniú seo.

3. Eiscfear uaidh seo, dar ndóigh, na codanna den treoir seo ina gcuirtear síos ar dhualgais agus ar fhreagrachtaí Bhoird Ghobharnóirí iar-bhunscoileanna agus na mBord a bhfuil bonn reachtúil ó cheart leo féin. Eiscfear chomh maith ón treoir seo aistriú na bpáistí sin a bhfuil ráiteas Sainriachtanais Oideachais acu. Foráiltear aistriú na bpáistí seo le reachtaíocht agus ní chlúdaítear é le nósanna imeachta Rollaithe Oscailte lena chinntiú go mbíonn fáil ag a leithéid de pháistí ar an socrúchán scoile is fóirsteanaí dóibh féin agus go ndéantar freastal ar a gcuid riachtanas.

AN PRÓISEAS AISTRITHE

4. Beidh ról agus freagrachtaí na Roinne, na mBord Oideachais agus Leabharlainne, na mbunscoileanna, na n-iar-bhunscoileanna agus na mBord Gobharnóirí acu mórán mar an gcéanna le hAistriú 2010, agus déanfar iad seo a shonrú sa chiorclán oibríoch a fhoilseoidh an Roinn i gcomhthráth le tús na scoilbhliana úire. Tá sé seo amhlaidh chomh maith i gcás an pholasaí iompair atá mar thaca ag an aistriú iar-bhunscoile. **Ba cheart go mbeadh a fhios ag scoileanna, maidir le hathruithe ar bith a dhéanfar ar a gcuid ról agus freagrachtaí, a measann an Roinn iad bheith riachtanach chun feidhmiú an phróisis aistrithe a fheabhsú, agus iad ag tarraingt ar cheachtanna a foghlaimíodh agus Aistriú 2010 á chur i bhfeidhm; go ndéanfar é seo a shonrú sa chiorclán oibríoch.**

5. Baineann an treoir seo ar an bhonn chéanna le gach scoil ina bhfeidhmítear próisis aistrithe laistigh de chóras Phlean Dickson – ag aois 11 agus ag aois 14. Ós rud é gur scríobhadh an treoir seo go príomha i gcomhthéacs an aistrithe ag aois 11, is soiléiriú iad na pointí

seo a leanas maidir le léirmhíniú na Treorach dóibh sin a chuireann an tAistriú i bhfeidhm ag aois 14 i gcomhréir lena chur i bhfeidhm ag aois 11. I gcás an aistrithe ag aois 14, molann an Roinn go láidir:

- go gcuirfeadh ardscoileanna sinsearacha deireadh le húsáid na gcritéar acadúil iontrála agus gach socrú a bhaineann le cur i bhfeidhm a leithéid de chritéir;
- sa chás go gcloífeadh ardscoil shinsearach le húsáid na gcritéar iontrála acadúil, níor cheart dóibh aon socruithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear nósanna imeachta um Chúinsí Eisceachtúla, lena dtaisealbhfaí ról ar bith d'ardscoil shóisearach nó d'eolas ar bith a bheadh i seilbh ardscoile sóisearaí;
- Níor cheart go laghdófaí nó go saobhfaí an ról ríthábhachtach oideachasúil atá ag ardscoileanna sóisearacha go dtí ról ina bhfeicfí d'ardscoileanna sóisearacha go gcaithfidh siad riar ar phróisis iontrála acadúla na n-ardscoileanna sinsearacha; agus
- Níor cheart go n-éascódh ardscoileanna sóisearacha d'ardscoileanna sinsearacha critéir iontrála acadúla a chur i bhfeidhm.

CEISTEANNA LEANÚNACHA DLÍ MAIDIR LE SOCRÚ NA gCRITÉAR IONTRÁLA

6. Tá de cheangal ar Bhord Gobharnóirí a chinntiú go mbíonn bonn dlí leis na critéir iontrála a úsáideann siad agus go mbíonn siad ag teacht leis an reachtaíocht chomhionannais.

7. Aon áit nach mbíonn scoileanna ró-shuibscríofa, bíonn de cheangal orthu uile iarratasóirí a iontráil go dtí gach áit atá ar fáil – (i.e. an t-aon eisceacht a cheadaítear, i mbliainghrúpaí seachas bliain 8, go dtig le Bord Gobharnóirí iar-bhunscoile a léiriú "go ndéanfadh iontráil páiste

chuig an scoil dochar d'úsáid éifeachtúil acmhainní" (Alt 13, Ordú Oideachais (TÉ), 1997)).

8. In ainneoin na moltaí thuas uile, tugtar moltaí do gach Bord Gobharnóirí iar-bhunscoile sa Treoir seo maidir leis na critéir iontrála ba chóir agus nár chóir dóibh a úsáid. Beidh de cheangal ar gach scoil aird chuí bheith acu ar na moltaí seo.

CRITÉIR IONTRÁLA MOLTA

9. Maidir le hiontráil gach páiste atá in aois éigeantach scoile, molann an Roinn go ndéanfadh Boird Ghobharnóirí iar-bhunscoile a gcuid critéar iontrála a dhréachtú ón roghchlár seo a leanas de chritéir mholta (tá de cheangal ar gach scoil aird chuí bheith acu ar na moltaí seo):

Céad chritéar molta:

- Iarratasóirí atá i dteideal béile saor scoile (FSME): tabharfar tosaíocht lena chinntiú nach mbeidh comhréir na ndaltaí seo a iontráiltear níos lú ná comhréir na n-iarratas céadrogha FSME a fhaightear laistigh de líon iomlán na n-iarratas céadrogha a fhaightear.

Critéir eile:

- Iarratasóirí a bhfuil siblín acu atá ag freastal ar an scoil faoi láthair;
- Iarratasóirí arb iad an Páiste is sine iad;
- Iarratasóirí de chuid bunscoileanna friothálacha/ainmnithe;
- Iarratasóirí atá ag cur fúthu i bParóiste ainmnithe (ag an scoil fhóirsteanach is cóngaraí);
- Iarratasóirí atá ag cur fúthu i Scoilcheantar ainmnithe (ag an scoil fhóirsteanach is cóngaraí);

- Iarratasóirí arb í an scoil an scoil fhóirsteanach is cóngaraí dóibh;
- Roghnú randamach – ceist réitigh.

10. Déanfar eolas mionsonraithe breise a eisiúint maidir le gach ceann de na critéir mholta sa chiorclán oibríoch a fhoilseoidh an Roinn i gcomhthráth le tús na scoilbhliana úire.

CRITÉIR IONTRÁLA <u>NACH</u> MOLTAR

11. Molann an Roinn nach mbainfeadh scoileanna úsáid as aon cheann de na critéir seo a leanas:

- <u>Roghnú Neamhrialaithe Acadúil:</u> measann an Roinn go ndéantar an éagothroime a chothú agus a bhuanú le cinntí atá bunaithe ar thorthaí na tástála neamhrialaithe acadúla agus nach dtagann siad leis an chuspóir go gcaithfí go cothrom le páistí agus go gcuirfí ar chumas gach páiste lánacmhainneacht a bhaint amach. Tá sé seo i gcomhréir leis an dearcadh atá ag an Choimisiún um Chearta an Duine. Ó thaobh an chomhionannais de, molann an Roinn go láidir go stadann scoileanna d'úsáid na gcritéar iontrála acadúil agus d'úsáid na dteisteanna neamhrialaithe lena n-éascaítear cur i bhfeidhm na gcritéar seo.

- <u>Critéir teaghlaigh de bhreis ar shiblín reatha:</u> moltar siblín reatha agus ní naisc theaghlaigh eile mar gur gá freastal ar leas tuismitheoirí, páistí agus teaghlach gan iarratasóirí eile bheith thíos leis. Is léir mar sin, ó thaobh chúrsaí iompair amháin de, gur rud áisiúil tacúil é do pháiste áit a fháil sa scoil chéanna a bhfuil siblín leis/léi ag freastal cheana uirthi.

- <u>Ceisteanna réitigh a bhaineann le hachar:</u> ní mholtar ceisteanna réitigh a bhaineann le hachar mar go mbeidh iarratasóirí

forimeallacha/tuaithe thíos leo agus téann siad in éadan na ngnéithe sin de roghchlár molta na gcritéar a dearadh lena chinntiú go gcaithfí go cothrom leis na hiarratasóirí seo.

- Páistí de chuid fhostaithe/ghobharnóirí na scoile: d'ainneoin gur áisiúil an critéar seo do líon beag teaghlach, fágann sé, de thairbhe seirbhíse nó fostaíochta, go mbeifí ag fáil tosaíochta ó thaobh na hiontrála de. Bíonn tairbhí eile ag baint le seirbhís nó le fostaíocht, é sin nó ní spéis le lucht fostaíochta/seirbhíse iad. Ar a bharr sin, ní féidir ach le sainghrúpaí agus le líon iontach beag daoine ón phobal a ndéanfadh an scoil freastal air, teacht ar an fhostaíocht nó ar an tseirbhís seo.

- Critéir Roghnachais: Molann an Roinn Oideachais go láidir do gach Bord Gobharnóirí, cé nach bhfuil aon léirchosc níos mó ar chritéir roghnachais (i.e. tosaíocht a thabhairt d'iarratasóirí de réir an leibhéil roghnachais laistigh dá n-iarratas – 1ú, 2ú, 3ú srl.), nár chóir, ar mhaithe le polasaí an rollaithe oscailte, iad a úsáid i scoil ar bith in am ar bith. Is éard is prionsabal leis an rollú oscailte agus le rogha na dtuismitheoirí gur chóir go mbeadh tuismitheoirí in ann a gcuid roghnachas a léiriú maidir le scoil dá bpáiste ar dhóigh neamhshrianta. Má bhaintear úsáid as critéir roghnachais, imreoidh an dóigh a léiríonn tuismitheoirí agus páistí a gcuid roghnachas tionchar ar a gcuid ionchas iontrála. Cuirfidh sé seo, gan amhras, iallach ar thuismitheoirí agus ar pháistí a gcuid roghnachas a léiriú ar bhonn beartach. Cuirfear srian dá réir ar rogha na dtuismitheoirí.

CEISTEANNA A BHAINEANN LE hÚSÁID NA dTEISTEANNA NEAMHRIALAITHE

Riosca agóide – comhairle d'iar-bhunscoileanna

12. Moltar sa Treoir seo go gcuirfeadh scoileanna deireadh leis an roghnú acadúil trí theisteanna neamhrialaithe d'fhonn páistí a roghnú le haghaidh iontrála. Ní mór go mbeadh scoileanna nach nglacann leis an mholadh seo meabhrach ar an réimse de cheisteanna a bhaineann le teisteanna neamhrialaithe a bhféadfadh sé go bhfágfaí faoi lé riosca agóide iad dá ndeasca. Tá liosta díobh seo thíos agus déantar plé mionsonraithe orthu in Iarscríbhinn 1:

- **Meicníocht stóinsithe measúnaithe** – i.e. meicníocht lenar féidir cinntí iontaofa inniúlacht-bhunaithe a sholáthar;
- **Leagan comhionann Gaeilge den teist.**
- **Breithniú ar iarratasóirí FSME.**
- **Cumarsáid i dtaca leis na socruithe neamhspleácha measúnaithe nó teisteanna neamhrialaithe.**
- **Nós Imeachta um Chúinsí Eisceachtúla le haghaidh chur i bhfeidhm critéar acadúil:** níor cheart d'iar-bhunscoileanna socruithe a chur i bhfeidhm i gcás Cúinsí Eisceachtúla ina dtugtar aon ról do bhunscoil nó d'eolas ar bith a choinnítear i mbunscoil.
- **Foráil speisialta agus iontrálacha de bhreis ar an líon rollaithe.**

Ról na mbunscoileanna

13. Ba cheart go dtuigfeadh bunscoileanna go mbíonn ról ríthábhachtach leithleach acu maidir le forbairt oideachasúil gach páiste. Is é an ról atá acu cinntiú go gcuirtear an bhunchéim d'fhorbairt oideachasúil gach páiste (a bhfuil tábhacht bhunúsach léi maidir le gach céim iartheachtach den fhorbairt oideachasúil) i gcrích.

14. Níor cheart go laghdófaí nó go saobhfaí an ról ríthábhachtach oideachasúil atá ag bunscoileanna go dtí ról ina bhfeicfí do bhunscoileanna go gcaithfidh siad riar ar phróisis iontrála acadúla na n-iar-bhunscoileanna. Tá gach bunscoil faoi cheangal reachtúil curaclam na bunscoile a sheachadadh de réir mar atá sainmhínithe in Ailt 4-9

den Ord Oideachais 2006 - agus ní ceadmhach imeacht ón cheangal sin. Molann an Roinn go láidir nach n-ullmhaíonn bunscoileanna a gcuid páistí do na teisteanna iontrála neamhrialaithe. Níor cheart don scoil na socruithe le haghaidh na dteisteanna iontrála neamhrialaithe a éascú ar shlí ar bith trí ábhair thacaíochta a sholáthar, trí bheith ag tairiscint oiliúnú iarnóna ar scoil ar theicníc scrúduithe nó trí thaithí a thabhairt dóibh ar thimpeallacht scrúdaithe. Leanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna leo ag déanamh monatóireachta ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama, i gcomhthéacs an churaclaim leasaithe, i mbunscoileanna.

15. Tuigeann bunscoileanna go dtig gearán foirmeálta a dhéanamh chuig Binse Gearán Curaclaim mura mbíonn an curaclam leasaithe á sheachadadh sa scoil. Leanfaidh na Boird leo ag cur i bhfeidhm socruithe lena n-éascaítear do thuismitheoirí gearáin a dhéanamh leis na Binsí seo maidir leis an dóigh a seachadann scoil an curaclam.

16. Ba cheart go mbeadh a fhios ag bunscoileanna, sa chás go ndéanfadh tuismitheoir nó páirtí leasmhar eile teagmháil leis an Roinn agus é/í buartha nach bhfuil an curaclam leasaithe á sheachadadh mar is ceart, go molfar dó/di gearán a dhéanamh le príomhoide na scoile ar dtús agus mura mbíonn aon réiteach sásúil ann dá bharr seo, gur cheart dul chuig Bord na nGobharnóirí ina dhiaidh sin. Mura dtagann freagairt shásúil ó Bhord na nGobharnóirí, beidh an tuismitheoir in ann gearán foirmeálta a dhéanamh le Binse Gearán Curaclaim.

17. Níor cheart go n-éascódh bunscoileanna d'iar-bhunscoileanna critéir iontrála neamhrialaithe acadúla a chur i bhfeidhm. Mura gcloíonn roinnt iar-bhunscoileanna leis an mholadh nár cheart dóibh, faoi shocruithe um chúinsí eisceachtúla, ról a thaisealbhadh do bhunscoil, d'fhágfadh sé seo go mothódh roinnt bunscoileanna faoi bhrú bheith páirteach sa phróiseas seo, rud nach mbeadh cothrom. Maidir le **Cúinsí Eisceachtúla**, ba cheart go mbeadh sé soiléir do bhunscoileanna:

- Tá ceart dlíthiúil ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar aon eolas a choinníonn bunscoil a bhaineann lena bpáiste féin amháin;
- Níl aon cheangal dlíthiúil orthu eolas a sholáthar in aon sainfhormáid a iarrtar;
- Níor cheart dóibh aon eolas maidir le feidhmíocht páiste eile seachas a bpáiste féin a sholáthar do thuismitheoirí nó caomhnóirí;
- Ní ceadmhach dóibh, faoin dlí um Chosaint Sonraí, eolas a bhaineann le feidhmíocht a gcuid daltaí a sholáthar go díreach d'aon scoil eile.

ACHOMHAIRC

Binsí Achomhairc Iontrála

18. Leanfaidh na Boird leo le riar na mBinsí neamhspleácha Achomhairc Iontrála. Tabharfar comhairle do thuismitheoirí maidir le hiarratas a dhéanamh chuig binse achomhairc iontrála sa litir socrúcháin a chuirfear amach chucu ag deireadh an phróisis iontrála.

Próiseas na gCúinsí Eisceachtúla

19. Tá próiseas nua mar aon le Foras nua um Chúinsí Eisceachtúla bunaithe ag an Roinn chun meicníocht a sholáthar lena mbreithneofaí ar chás an lín bhig páistí faoi chúinsí eisceachtúla doshéanta ar leith a shainbhaineann le gach páiste ann féin, agus a fhágann gur gá an páiste a iontráil chuig iar-bhunscoil ar leith ach nár éirigh leis an pháiste áit a fháil trí chur i bhfeidhm chritéir iontrála na scoile sin. Is féidir leis an Fhoras breithniú ar achomhairc ó thuismitheoirí maidir le cásanna nuair nach bhfuair páiste neamhráiteasaithe a bhí ag iarraidh iontrála chuig ceann de bhlianta 8-12, trí na gnáthphróisis, áit sa scoil shonraithe sin agus, dar leis na tuismitheoirí, gurb <u>éigean</u> don pháiste freastal ar an scoil sin agus ar an scoil sin amháin. Is gá do thuismitheoirí mar chuid den phróiseas achomhairc fianaise a sholáthar

le tacú lena leithéid d'éileamh. Má sheasann an Foras le hachomharc, bainfidh sé leas as an chumhacht atá aige chun iontráil a cheadú de bhreis ar an líon iontrálacha. Tabharfar comhairle do thuismitheoirí maidir le cén dóigh ar féidir leo eolas breise a fháil ar an phróiseas seo agus cén dóigh ar féidir iarratas a dhéanamh chuig an Fhoras le litir socrúcháin a gheobhaidh siad ag deireadh an phróisis iontrála. Is ceadmhach do thuismitheoirí iarratais a dhéanamh chuig an Fhoras seo agus chuig binse achomhairc iontrála san aon am amháin.

AG AMHARC CHUN TOSAIGH – I dTREO PRÓISEAS AISTRITHE ATÁ BUNAITHE AR CHOTHROIME

20. Is mian leis an Roinn a chinntiú go mbeidh scoileanna in ann an Treoir seo a chur i bhfeidhm chomh gasta agus is féidir. Is eol dúinn gur ábhar buartha iad na hathruithe ar pholasaithe iontrála agus cé acu a mheastar gur athrú suntasach ar charachtar na scoile iad, go háirithe imeacht ó úsáid na gcritéar iontrála acadúil, rud a d'fhágfadh, faoin dlí, gur ghá togra forbartha a fhoilsiú.

21. Tá sé soiléir le hAlt 14 den Ord Oideachais agus Leabharlann (TÉ) 1986 go mbíonn gá le togra forbartha aon áit a mbíonn togra ann chun "athrú suntasach a dhéanamh ar charachtar nó ar mhéid" scoile, nó chun athrú eile a dhéanamh i scoil "lena n-imreofaí tionchar suntasach ar scoil dheontaschúnta eile". Tá luaite sa Treoir atá curtha amach ag an Roinn chuig gach scoil, ó bhí 2003 ann, gur athrú amháin maidir le carachtar scoile a bheadh suntasach go leor le go dtitfeadh sé faoi na forálacha dlí seo ná scoil roghnach ag athrú go scoil neamhroghnach.

22. Tá an ghné áirithe seo de Threoir na Roinne maidir le tograí forbartha á athbhreithniú i láthair na huaire agus déanfar treoir nua a bhaineann go sainiúil leis an cheist seo a eisiúint go luath. Tá sé soiléir anois áfach, i gcás gach aon scoil roghnach, go bhféadfadh sé go dtiocfadh athruithe eile ar charachtar na scoile nó go n-imreofaí tionchar ar scoileanna eile sa cheantar áitiúil trí dheireadh a chur le roghnú acadúil. Beidh siad seo uile difriúil, ag brath ar chúinsí gach scoile agus

a cuid pleananna don todhchaí: na critéir neamhacadúla a úsáidfidh scoil in áit a cuid critéar acadúil; próifíl acadúil an ghrúpa reatha daltaí; a cuid pleananna maidir lena curaclam. Más amhlaidh go n-eascróidh athruithe a bheidh suntasach don scoil féin agus/nó do scoil ar bith eile as na pleananna chun deireadh a chur leis an roghnú acadúil, ba cheart, faoin dlí, go mbeadh na hathruithe seo faoi réir togra forbartha. Bainfidh an breithniú i dtús báire leis na scoileanna bainteacha maidir leis na sonraí sa phlean s'acu. Cuideofar le scoileanna, leis an treoir úr um thograí forbartha a shainbhaineann leis an cheist seo, breithniú tosaigh a dhéanamh agus leanúint leis ar an bhonn sin. Cuirfidh an RO comhairle aonair ar fáil chomh maith do gach scoil chun freagairt dá sainphlean féin le haghaidh athraithe. Déanfaidh an Roinn gach togra forbartha a thagann isteach ó na scoileanna sin a bhfuil sé beartaithe acu an treoir seo a úsáid agus deireadh a chur leis an roghnú acadúil a phróiseáil chomh gasta agus is féidir.

23. Ní mór a thabhairt faoi deara gurb é is cuspóir le togra forbartha a chinntiú go ndéantar comhairliúchán iomchuí leis na heochair-gheallsealbhóirí agus leis an mhórphobal aon áit a moltar athrú suntasach ar mhéid nó ar charachtar scoile nó áit ar bith a mbeadh tionchar suntasach ag a leithéid d'athrú ar scoil dheontaschúnta eile.

24. Bíodh a fhios ag scoileanna chomh maith go bhfuil an Roinn i mbun athbhreithnithe ar an pholasaí maidir le breithniú ar iarratais ar athrú sealadach ar líonta ceadaithe. Tá an t-athbhreithniú seo á dhéanamh de thoradh thionchar na titime déimeagrafaí ar an chóras oideachais agus an ghá atá le scoileanna inbhuanaithe, ach ní mór ceisteanna polasaí níos leithne a chur san áireamh chomh maith lena n-áirítear an t-aistriú iar-bhunscoile. I ndiaidh chur i gcrích an athbhreithnithe seo, tiocfaidh polasaí athbhreithnithe ar athruithe sealadacha i bhfeidhm le haghaidh iontrálacha sa scoilbhliain 2011/12 ina léireofar torthaí an athbhreithnithe.

CONCLÚID

25. Dar leis an Roinn gur leor an Treoir seo mar eolas d'iar-bhunscoil le go dtig léi socrú ar chritéir iontrála le haghaidh iontrála ó Mheán Fómhair 2010. Cuirfidh sé seo ar a cumas cinnteacht agus soiléireacht a sholáthar do gach iarratasóir amach anseo. Ba cheart go mbeadh príomhoidí agus foirne bunscoile soiléir chomh maith maidir le nádúr an phróisis.

AN ROINN OIDEACHAIS

Iarscríbhinn 1: Comhairle ar cheisteanna a bhaineann le teisteanna neamhrialaithe

Moltar go gcuireann iar-bhunscoileanna deireadh le húsáid na gcritéar iontrála acadúil de bhrí nach measann an Roinn roghnú ar bhonn acadúil bheith ag teacht leis an chuspóir go gcaithfí go cothrom le gach páiste agus go gcuirfí ar chumas gach páiste lánacmhainneacht a bhaint amach.

Seo a leanas roinnt ceisteanna ar shainaithin an Roinn gur ábhar buartha iad sa chás go socródh scoileanna ar theisteanna neamhrialaithe a úsáid ("Teisteanna Iontrála") chun tacú le critéir iontrála acadúla. Ná glactar leis gur uileghabhálach an tsraith ceisteanna seo. Beidh ar gach scoil ghramadaí a bhaineann úsáid as teist neamhrialaithe a chinntiú go bpléifidh sí lena leithéid de cheisteanna.

Teist Stóinsithe: rinneadh, sa teist a chuir CCEA ar fáil, luach éascaíochta agus luach idirdhealúcháin a ríomh le haghaidh gach ceiste. Chuir sé seo ar chumas CCEA deacracht agus iontaofacht gach ceiste a mheas agus dá réir, iad a chur san ord cuí sna Teisteanna Aistrithe. Baineadh úsáid as na luachanna éascaíochta d'fhonn teacht ar mheánleibhéal i ngach ábhar agus i ngach páipéar lena chinntiú go mbeadh an caighdeán inchomparáideach ó bhliain go bliain agus ó theist go teist san aon bhliain amháin.

Rinneadh gach mír sna teisteanna a thriail ag céim forbartha na dteisteanna lena chinntiú go mbeadh siad éifeachtach agus baineadh úsáid as an chur chuige céanna d'fhonn éifeachtacht a chinntiú maidir le struchtúr, leagan amach, stíl agus clóbhualadh na Teiste mar aon le socruithe slándála le haghaidh an ábhair teiste.

Baineadh úsáid chomh maith as comhéifeacht iontaofachta mar thomhas éifeachtach ar chomhsheasmhacht inmheánach gach míre sa teist.

Cuireann an Roinn, chomh maith, ar a súile do Bhoird Ghobharnóirí gurb iadsan an t-údarás reachtúil iontrála dá scoil féin. Cuireann an Roinn i gcuimhne do Bhoird Ghobharnóirí ach go háirithe an dualgas ar leith atá orthu faoin Ordú Oideachais 1997 (Alt 16, 5). Déantar foráil anseo le go mbeifí in ann na critéir a dhréachtaíonn Bord Gobharnóirí iar-bhunscoile a úsáid chun líon beacht iarratasóirí is comhionann lena líon rollaithe agus iontrálacha, mar atá leagtha síos ag an Roinn, a iontráil – i.e. ba chóir go mbeifí in ann na critéir a úsáid chun idirdhealú idir iarratasóirí anuas go dtí an áit dheireanach atá ar fáil. Fágann sé seo, mar sin, má tá critéar dréachtaithe ag Bord Ghobharnóirí, go ndéanfar idirdhealú idir iarratasóirí de réir a gcuid feidhmíochta i "dTeist Iontrála", gur chóir gur gléas stóinsithe a bheadh sa "Teist Aistrithe" trína mbeifí in ann an bunús lena leithéid d'idirdhealú a chinntiú, nó cur leis an bhunús sin.

Má tá de rún ag Boird Ghobharnóirí "Teisteanna Iontrála" a úsáid mar thacú le critéir iontrála acadúla, tá dualgas dlíthiúil orthu "Teist Iontrála" a úsáid a chuireann ar a gcumas a gcuid dualgas faoi Alt 16 (5) den Ordú Oideachais 1997 a chomhlíonadh. Dá bharr seo, molann an Roinn d'aon Bhord

Gobharnóirí a bhfuil sé de rún acu "Teist Iontrála" a úsáid a chinntiú dóibh féin, maidir leis na téarmaí atá leagtha amach san iarscríbhinn seo, gur meicníocht stóinsithe mheasúnaithe a bheidh sa "Teist Iontrála" atá beartaithe acu, trínar féidir cinntí iontaofa inniúlacht-bhunaithe a sholáthar.

"Teist Iontrála" Ghaeilge: mheas an Roinn i gcónaí go raibh sé tábhachtach agus riachtanach leagan Gaeilge den Teist Aistrithe a sholáthar. Bhí réimse d'fháthanna taobh thiar de seo, ar na fáthanna is mó bhí aitheantas d'earnáil na bunscolaíochta trí mheán na Gaeilge agus a seasamh laistigh den chóras scolaíochta i gcoitinne. Leoga, níor mheas an Roinn in am ar bith gur rud roghnach é leagan Gaeilge den Teist Aistrithe a sholáthar.

Tá breithniú déanta ag an Roinn ar an cheist seo ó thaobh an dlí de agus maidir leis na "Teisteanna Iontrála" neamhspleácha. Dá thoradh seo, molann an Roinn go láidir d'aon scoil a bhfuil sé de rún acu "Teist Iontrála" a úsáid foráil a dhéanamh laistigh dá gcuid pleananna chun leagan Gaeilge is comhionann leis an "Teist Iontrála" Béarla a chur ar fáil. Bheadh aon scoil nach ndéanann amhlaidh ag dul sa seans go gcuirfí in aghaidh an phróisis iontrála acu go dlíthiúil mar gheall ar idirdhealú indíreach. Ag croí aon agóide dlíthiúla dá leithéid, bheadh fianaise oideachasúil ar bith a léireodh go mbeadh páistí ar cuireadh oideachas orthu trí mheán na Gaeilge faoi mhíbhuntáiste agus iad ag dul in iomaíocht lena gcomhpháirtithe ar cuireadh oideachas orthu trí Bhéarla.

Maidir le leaganacha Gaeilge de "Theisteanna Iontrála" Béarla, bhain CCEA úsáid, sna leaganacha Gaeilge dá gcuid Teisteanna Aistrithe, as na míreanna Máta agus Eolaíochta céanna a forbraíodh do na teisteanna Béarla (ach iad aistrithe go Gaeilge). Rinneadh míreanna Gaeilge (le dul isteach in áit na míreanna Béarla) a fhorbairt, áfach, agus réamhscrúdú déanta orthu faoi phróiseas dearbhaithe cáilíochta lán chomh láidir leis an phróiseas ar baineadh úsáid as don teist Bhéarla.

Bearta Slándála iomchuí – socruithe um Theist Chúltaca:
Is léir go bhfuil bearta slándála iomchuí maidir le hábhar na teiste riachtanach ach ba chóir go dtuigfeadh scoileanna go bhfuil níos mó i gceist le bearta slándála ná a chinntiú go ndéanfar gach iarracht réasúnach aon sárú ar shlándáil ó thaobh na teiste de a sheachaint. Leoga, tá léirithe thar na blianta, in éineacht lena leithéid d'iarrachtaí réasúnacha, go bhfuil géarghá le socruithe teagmhasacha bheith i bhfeidhm sa chás go dtarlódh a leithéid de shárú. An t-aon socrú fóirsteanach teagmhasach i gcás teiste a fhágtar neamhbhailí de dheasca sáraithe slándála ná socrú cúltaca, sa mhéid is a bhí amhlaidh leis an bhunteist, ar meicníocht stóinsithe mheasúnaithe é trína mbeifear in ann cinntí iontaofa inniúlacht-bhunaithe a sholáthar.

Mar achoimre, má tá Boird Ghobharnóirí le "Teisteanna Iontrála" a úsáid mar thacú le critéir iontrála acadúla ba chóir go dtuigfeadh siad go bhfuil sé de dhualgas orthu teist is comhionann leis an "Teist Iontrála" seo bheith i mbunchúil acu ar eagla go dtarlódh sárú slándála. Bheadh an dualgas seo bunaithe ar dhliteanas Bhord na nGobharnóirí i leith teipe ar an phróiseas iontrála, rud a bheadh dosheachanta dá dtarraingeofaí amhras ar an "Teist

Iontrála" beartaithe go bhfágfaí neamhbhailí í agus mura mbeadh aon choibhéis ann le cur isteach ina háit.

Cumarsáid Réamhtheiste: tráth ar chuir siad an Teist Aistrithe ar fáil – ar chuir tuismitheoirí/daltaí isteach uirthi gach bliain i mí Mheán Fómhair (agus a rinne daltaí i mí na Samhna/Nollag ina diaidh gach bliain) – rinne an Roinn cumarsáid le tuismitheoirí R7 i mí Lúnasa agus chuir siad gach eolas a bhain leis an Teist Aistrithe in iúl dóibh. Rinne an Roinn amhlaidh trí leabhrán a d'eisigh siad a scaipeadh chuig tuismitheoirí tríd na bunscoileanna. Míníodh sa leabhrán cad é a bhí i gceist leis an Teist Aistrithe, na rudaí a ndéanfaí scrúdú orthu laistigh di, an áit agus an t-am a ndéanfaí í, an dóigh agus an t-am ar féidir cur isteach uirthi, an t-am a dtiocfadh torthaí amach agus cén fhormáid, agus, i measc rudaí eile, an dóigh a raibh Nós Imeachta um Chúinsí Eisceachtúla mar thacú léi. Rinneadh an leabhrán seo, rud a bhí tábhachtach, a aistriú chuig Gaeilge, Polainnis, Sínis, Portaingéilis agus Liotuáinis.

Ní mór d'aon scoil a bhfuil sé de rún acu "Teist Iontrála" a úsáid gach iarracht réasúnach inchomparáide a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh ar chumas gach tuismitheora/dalta ar mian leo gach eolas ábhartha a bhaineann le "Teist Iontrála" na scoile a fháil agus a thuiscint, é sin nó beidh baol ann go ndéanfaí agóid dhlíthiúil ina n-aghaidh mar gheall ar idirdhealú indíreach. Ní mór dóibh bheith meabhrach gur gá a chur in iúl do thuismitheoirí de chuid grúpaí mionlaigh, amhail an lucht siúil, agus do na tuismitheoirí sin nach é an Béarla a gcéad theanga, go bhfuil ann don teist.

Táillí "Theist Iontrála": tuigtear don Roinn go bhfuil sé beartaithe ag roinnt scoileanna teist a úsáid, soláthraithe ag foras a ghearrfaidh táille ar thuismitheoirí as ucht a bpáiste an teist a dhéanamh. Cé gur féidir go ndéanfar iarracht tástáil acmhainne a thabhairt isteach sa socrú seo, molann an Roinn do scoileanna bheith ag machnamh ar cé acu ar chóir do thuismitheoirí bheith ag íoc chun iarratas a dhéanamh chuig scoil stáit?

Tá an Roinn buartha chomh maith go bhféadfadh sé go ndéanfaí agóid dhlíthiúil in éadan pleananna dá leithéid seo, mar gheall ar an tslí a bhféadfaí Alt 128 (1) a mhíniú ó thaobh táillí teiste de. Dar leis an Alt seo: "ní ghearrfar aon táille i dtaca le hiontráil chuig aon scoil dheontaschúnta".

Nós Imeachta um Chúinsí Eisceachtúla ba chóir go dtuigfeadh scoil ar bith a shocraíonn ar chritéar acadúil a chur lena gcuid critéar iontrála, a mbeadh gá le "Teist Iontrála" dá bharr, go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh nós imeachta um chúinsí eisceachtúla ag tacú lena leithéid de phróiseas. Is dócha go measfadh na cúirteanna go mbeadh sé míréasúnta mura mbeadh scoil in ann cúinsí nach raibh smacht ag iarratasóir orthu (m.sh. méala, timpiste nó tinneas), a d'fhág, lá na "Teiste Iontrála" gur cuireadh as d'fheidhmíocht an dalta, a chur san áireamh in aon chinneadh iontrála teistbhunaithe. Ba chóir go dtuigfeadh scoileanna atá ag iarraidh "Teisteanna Iontrála" a úsáid, mar sin, go bhfuil sé d'fhreagracht orthu nós imeachta um chúinsí eisceachtúla a sholáthar.

Ar an ábhar seo, ba chóir go mbeadh scoileanna atá ag iarraidh nósanna imeachta measúnaithe neamhspleácha nó "Teisteanna Iontrála" a úsáid lena gcuid iontrálacha meabhrach ar reachtaíocht mhíchumais – mar atá sainmhínithe faoin Acht um Idirdhealú Míchumais, 1995. Má chuirtear síos do dhalta atá ag iarraidh iontrála chuig scoil go bhfuil sé/sí faoi mhíchumas de réir théarmaí an Achta seo, beidh de dhualgas ar an scoil "coigeartú réasúnach" a dhéanamh maidir leis na socruithe atá i bhfeidhm acu d'fhonn cinneadh ar iontráil. Is dócha go dtiocfaidh an cheist seo aníos ós rud é nach bhfaigheann iarratasóirí ráiteas ar shainriachtanais oideachais mar gheall ar roinnt cineálacha míchumais, mar a shainmhínítear san Acht, agus fágfaidh sé seo, dá bharr, gur gá cinneadh ar iontráil na n-iarratasóirí seo go cothrom laistigh de na nósanna imeachta caighdeánacha iontrála. Gheobhaidh scoileanna comhairle mar gheall air seo i gCód Cleachtais an Choimisiúin Chomhionannais, *Disability Discrimination – Code of Practice for Schools*, agus Cuid 6 den Chód sin ach go háirithe.

Ba chóir, chomh maith, go dtuigfeadh iar-bhunscoileanna a bhfuil sé de rún acu "Teisteanna Iontrála" a úsáid, gur cheadaigh an Roinn, tráth a ndearna sí an Teist Aistrithe a sholáthar, do CCEA an scrúdpháipéar a sholáthar in éagsúlacht d'fhormáidí, saindeartha le riar ar riachtanais na bpáistí neamhráiteasaithe a raibh disléicse nó diospraicse orthu.

Foráil speisialta agus iontrálacha de bhreis ar an líon rollaithe: ba chóir, chomh maith, go dtuigfeadh iar-bhunscoileanna ar bith a shocraíonn ar chritéar acadúil a chur lena gcuid critéar iontrála, a mbeadh gá le "Teist Iontrála" dá bharr, an ról tacaíochta, maidir leis an Teist Aistrithe, a bhí ag Nós Imeachta na Forála Speisialta. Cuireadh an ról tacaíochta seo ar fáil le haghaidh páistí a tháinig isteach mall chuig an churaclam bunscoile (i.e. de bhrí gur aistrigh siad anseo ó thír eile) agus nach raibh, dá bharr, chomh hullmhaithe le haghaidh Teist Aistrithe a bhí dírithe ar an churaclam sin. Cuireadh ar fáil chomh maith é le haghaidh páistí a rinne iarratas "lárbhliana" chuig scoil ghramadaí. Ag brath ar a gcuid cúinsí ar leith féin, bhí roinnt mhaith páistí incháilithe don Fhoráil Speisialta seo, go ndéanfaí measúnú orthu chun críocha na hiontrála chuig scoil ghramadaí, ní tríd an Teist Aistrithe, ach trí mheasúnú síceolaíoch le Síceolaí Oideachais de chuid an Bhoird.

Ba chóir go dtuigfeadh scoileanna a bhfuil sé de rún acu "Teisteanna Iontrála" a úsáid go mbeidh orthu cinntí iontrála cothroma stóinsithe a dhéanamh maidir le hiarratasóirí nach raibh in ann an "Teist Iontrála" a dhéanamh nó iarratasóirí nach féidir measúnú cothrom a dhéanamh orthu trína leithéid de theist.

Ní bhíonn iontrálacha ar cinneadh orthu trí nósanna imeachta a thacaíonn le "Teisteanna Iontrála" (Nósanna Imeachta um Chúinsí Eisceachtúla, nós imeachta na Forála Speisialta), nó trí chur i bhfeidhm aon chritéir iontrála, de bhreis ar líon rollaithe nó líon iontrálacha scoile in am ar bith: cuirtear na hiontrálacha seo san áireamh i gcónaí le líon rollaithe agus iontrálacha na scoile.

Úsáid an eolais ó InCAS: cuirtear litir na Roinne ón 9 Samhain 2009 i gcuimhne do scoileanna inar tugadh comhairle – "nach smaoineodh iar-bhunscoileanna, i gcás ar bith, ar thorthaí measúnaithe InCAS, mar a tuairiscíodh do thuismitheoirí, a úsáid mar eolas chun cinntí roghnaithe a dhéanamh."

Tá sé tábhachtach, ar mhaithe leis na páistí, go mbíonn scoileanna meabhrach ar na rioscaí a bhaineann leis an chinneadh leanúint le húsáid na dteisteanna neamhrialaithe. Ná glactar leis gur uileghabhálach an tsraith ceisteanna seo.